2023/2598

20.11.2023

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2598 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11 Meán Fómhair 2023**

**lena gceartaítear an leagan Slóivéinise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh ola olóige**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagail 75(2) agus 78(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Slóivéinise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid in Airteagal 8(6) a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir leis an áit tionscnaimh. Déanann an earráid sin difear do shubstaint na forála sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Slóivéinise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh ola olóige, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2568/91 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 29/2012 ón gCoimisiún (IO L 284, 4.11.2022, lch. 1).